



# An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

## Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 1 2014

**LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 26 Bealtaine 2014**

### Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 1 2014	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,888,200	+ 42,700
Dífhostaithe	258,100	- 33,900
Sa Lucht Saothair	2,146,300	+ 8,800
Níl sa Lucht Saothair	1,450,200	- 6,800

#### Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.3% nó 42,700 sa bhliain chuig an gcéad ráithe de 2014, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,888,200.
- ◆ Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 1,700 (+0.1%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 10,600 (+0.6%) i bhfostaíocht i R4 2013.

#### Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 12.2% go 12.0% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdaigh dífhostaíocht faoi 33,900 (-11.6%) sa bhliain go R1 2014, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 258,100.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 8.4% go 7.3% i gcaitheamh na bliana go R1 2014. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 60.5% den dífhostaíocht iomlán i R1 2014 i gcomparáid le 61.8% bliain roimhe sin agus 63.5% sa chéad ráithe den bhliain 2012.

#### Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa chéad ráithe den bhliain 2014 cothrom le 2,146,300, arb ionann sin agus méadú de chuid 8,800 (+0.4%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R1 2014 agus 1,450,200, laghdú de chuid 6,800 (-0.5%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 4984000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555



information@cso.ie  
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le  
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491  
Facs 021 453 5492  
R-phost [labour@csso.ie](mailto:labour@csso.ie)

*Central Statistics Office*

*26 May 2014*

**– CRÍOCH –**